

COLM DE BHAILÍS

– File Leitir Mealláin

le Dónal Ó Colchún

Ba mhaith liom léargas a thabhairt ar scéalaí, ar stairí ar fhear ceirde, ach thar aon ní eile, ar fhile. B'é an Píarsach féin a dúirt, gur rugadh Colm de Bhailís, ar an dara lá de mhí na Bealtaine 1796, i Leitir Mealláin - oileán mara amach ó chósta Chonamara atá anois ceangailte leis an mórthír de bharr cheithre dhroichead a tógadh idir na h-oileáin ag deireadh an chéid seo caite.

File Leitir Mealláin a tugadh air, agus d'fhoilsigh Conradh na Gaeilge seacht n-amhrán déag leis i 1904, sa leabhar 'Amhráin Choilm de Bhailís', ach is cinnte go raibh neart eile, nach mbeidh fáil ortha choiche.

D'fhulaing sé anró agus cruatan an tsaoil, ach má d'fhulaing féin is beag trácht a rinne sé air, agus go deimhin is beag a chuir sé as dó, mar bhí sé i bhfoisceacht dhá mhí, de chéad agus deich mbliana a bheith caite aige, nuair a fuair sé bás, ar maidin an seachtú lá is fiche de mhí Feabhra 1906.

An té go mbeadh sé d'ádair, a bheith i gcomhluadar Choilm, i gcaitheamh an chéad dhá scór bliain dá shaol, bheadh deis aige Colm a fheiceál ag fosaíocht ba i mBaile na Cille, ag piocadh faochain is ag bailiú feamainne reatha ar chladaigh Leitir Mealláin, sin nó ag iascach ronnach ó charraig i gCuigéal.

Bhí an-suim sna báid aige mar bhí siad timpeall air chuile áit. Ba saibhéara é ag na saora agus ba saor cloiche é chomh maith.

Bhí neart oibre don té a raibh fonn air, agus nuair a bhí scór bliain caite aige, d'fhág sé an baile agus chuaigh de shiúl cos go Cathair na Mart i gCondae Mhaigh Eo, áit ar chaith sé bliain.

Scathamh ina dhiaidh sin, thug sé aghaidh ar cheartlár na tíre - An Tulach Mór, Co. Uíbh Fhailí agus chaith sé bliain nó dhó ansin, agus ar aghaidh leis ansin go Cill Rois i gCondae an Chláir. Ag obair le

adhmad is mó a bhí sé, agus caithfidh sé gur thaithnigh an ceantar sin agus na daoine go mór leis, mar chaith sé aon bhliain déag ina measc. D'fhill sé ar Leitir Mealláin, agus cé is móite de chorr sheairse a chaith sé ag spailpínteacht ar an Achréidh agus isteach is amach go Gaillimh is go h-Árainn, is beag taisteal a rinne sé ina dhiaidh sin.

Ó Conaill & Rafturaí

Níl aon chuntas ar aon chumadóireacht uaidh—amhráin ná dánta—faoin am seo, agus ní dhearna sé cur síos ina scéalta ar gach a bhfaca sé agus é as baile. Is cinnte go raibh sé i gCo. an Chláir le linn aimsir Dhónaill Uí Chonaill—An Toghachán agus Fuascailt na gCaitliceach i 1829, nó mar sin, agus dúirt sé féin go bhfaca sé Rafturaí, ag casadh ceoil ar an mBóthar Mór i nGaillimh, bliain nó dhó sara bhfuair Rafturaí bás i 1835, ach ina dhiaidh sin féin, níor thagair sé dóibh ina chuid amhráin.

Is féidir a rá gur tar éis a chuid taistil agus go gairid tar éis do Siobhán - bean óg ón a bhaile fhéin - a phósadh, is ea chuir Colm tús le cumadóireacht na n-amhrán. Bhí mac amháin acu, Tom, agus níor mhair seisean ach go dtí go raibh sé bliain is fiche. Fuair a bhean Siobhán bás, agus deirtear gur phós sé athuair, agus gur Úna a bhí ar an dara bean.

Ag an am sin, bhíodh Colm ag

tógáil tithe in éineacht le fear as Leitir Caladh - An Clochartach, agus ar ámharaí an tsaoil bhí suim aigesan sna hamhráin freisin. Deirtear gur mar gheall ar iad a bheith ag spochadh lena chéile, a chum Colm an t-amhrán 'Cnoc Leitir Móir', amhrán nach bhfuil foilsithe san leabhar sin *Amhráin Choilm de Bhailís*, ná in aon áit eile, gurbh fhios dhom. Bhí baint ag an mbeirt acu leis an amhrán 'Cúirt an tSrutháin Bhuí'. Is é sin agus 'Amhrán an Tae' an dá cheann is mó cáil, b'fhéidir.

Chum sé 'Eibhlín Ní Fhlatharta' agus é 106 bliain d'aois, agus b'é freisin a chum 'Beairtle Dhónaill' agus 'An Seandúine Cam' i measc go leor eile.

Nuair a fuair a bhean bás ag deireadh an chéid b'éigin dó Teach na mBocht a thabhairt ar féin i 1901.

Chuir D'arcy a bhí i gceannas Theach na mBocht fear óg dár bh ainm Pádraic Ó Donnalláin chun amhráin Choilm a bhreacadh síos. Bhíodh Ó Donnalláin ag scríobh aisti don Chlaidhreamh Solais ag an am, agus b'é an Píarsach eagarthóir an pháipéir. Bhí eolas aigesan ar fhilíocht agus ar amhráin Choilm, agus deirtear gur uaidh Cholm a d'fhoghlaim Pádraic Mac Piarais an t-amhrán beannaithe 'Caoineadh na dTrí Muire'.

Teach na mBocht

Thug an Píarsach cuairt ar Uachtar Ard agus d'iarr ar Ó Donnalláin alt a scríobh san gClaidheamh Solais ar dhroch-bhail Choilm. An mhí dár gcionn, bhí achainín ón bPíarsach chuig léitheoirí an pháipéir ar cagrán 13 Meitheamh 1903 theacht i gcabhair ar Cholm a'Bhailís agus go raibh ciste curtha ar bun chun Colm a thabhairt amach as Teach na mBocht. Bailíodh airgead agus d'fhág Colm Teach na mBocht ar an gcéad lá de Lúnasa 1903. Chaith sé dhá bhliain in Uachtar Ard le duine muinteartha, ach theip ar a shláinte. Tugadh go dtí an oispidéal i dTeach na mBocht é, agus rinne an Píarsach cinnte go gcaithfí go maith leis. Fuair sé bás ar an 27 Feabhra 1906. Tar éis Aifreann na Marbh in Uachtar Ard, cuireadh i reilig Cill

Chuimín é.

San amhrán 'Cúirt an tSrutháin Bhuí' tá Colm ag tabhairt an-mholadh go deo don áras seo atá aige. Séard a bhí ann i ndairíre, ná púirín nó sciobóilín beag a thóg Colm mar fhoscadh dhó féin agus don Chlochartach sa Sruthán Buí, in aice le Leitir Caladh. Tá tóir chomh mór céanna anois, ar an amhrán sin, is a bhí nuair a cumadh é os cionn céad bliain ó shin.

Amhrán an Tae

Cineál eile ar fad atá in 'Amhrán an Tae'. Agallamh beirte nó díospóireacht atá ann idir fear agus bean, agus iad ag déanamh an-sciolladh go deo ar a chéile, agus is cinnte nach bhfuil sa tae ach leithscéal lena chéile a ionsaí, agus dá fhaid agus a dtéann an t-amhrán ar aghaidh, sea is fíochmhaire a bhíonn siad in aghaidh a chéile.

Séard atá san amhrán 'Eibhlín Ní Fhlatharta', ná amhrán grá ag moladh na mná seo—Eibhlín, agus cé nach bhfuil an cháil chéanna ar an

amhrán seo, is atá ar amhrán eile de chuid Choilm, ina dhiaidh sin is uile, is féidir an cumas íontach sin a bhí ag Colm, amhrán grá a chumadh, a thabhairt faoi deara san amhrán faoi leith seo.

Is deacair a rá, an raibh baint ag an droch-bhail a bhí ar Cholm ag an am seo, leis an gcaoi ar mhol sé Eibhlín. Na h-amhráin grá eile a chum sé, 'Brídín', 'Bríd Ní Fhlatharta' agus 'An Bhruinneal Deas', ba faoin mbean céanna a bhíodar, agus deirtear go raibh fonn air í a phósadh, ach ní dóigh go raibh an fonn sin air, i gcás Eibhlín.

Maidir leis an amhrán 'Beairtlín Dhónaill', chum Colm an t-amhrán seo ag cáineadh Bheairtlín Dhónaill, mar gur ghoid sé cúpla ualach feamainne reatha uaidh. Is cosúil go raibh an-olc ar Cholm agus ní h-iontas ar bith é, mar chaith Colm roinnt laetheanta dhá bhailiú agus dhá thabhairt le chéile, agus ansin tháinig Beairtlín i rith na h-oíche agus ghoid sé uilig uaidh é.

Anois san amhrán 'An Seandúine Cam' tá agallamh beirte cile againn,

cosúil le 'Amhrán an Tae' agus tá sé spéisiúl gurb iad seo an dá amhrán de chuid Choilm a'Bhailis a roghnaigh Eibhlín Bean mhic Choisdealbha agus i ag cur 'Amhrán Mhuigh Seola' i dtoll a chéile i 1923. Agus nuair a chuimnítear gur ó bhean óg i gCeantar Thuama—Bridget Forde—a thóg sí an ceol agus na focla, chomh maith le leabhar Choilm, is cinnte go raibh an dá amhrán seo le cloisteáil i bhfad is i ngearr agus i gcuid mhaith de Chondae na Gaillimh.

An Seandúine Cam

Ins an agallamh beirte 'An Seandúine Cam', tá cailín óg atá pósta le seandúine, agus í ag tabhairt faoi, agus eisean, ag tabhairt ais-fhreagraí uirthi, chomh tréan in Éirinn, is tá sé in ann.

Ach i ndeireadh na dála, is féidir a rá faoi Choilm a Bhailis, agus faoina chuid cumadóireachta—chonaic sé an saol—trí chéad dhi, agus arnó, faoi cheann trí bliana, beidh muid ag comóradh 200 bliain ó rugadh é.



• Cuid den slua a bhailigh i dTigh Phluincéid, Leitir móir, le haghaidh Comóradh Choilm de Bhailis, anuraidh.